**RÍOMHANNA DIFREÁLAIGH PHRAGHAIS NA SCÉIME DEONTAIS CEANNAIGH FEITHICLÍ TROMSHAOTHAIR ASTAÍOCHTAÍ NIALASACHA**

**1. Sainmhínithe**

1.1 Sa doiciméad seo:

Ciallaíonn "**ZEHDV**", tráth ar bith, FTS (Feithicil Tromshaothair) astaíochtaí nialasacha a shonraítear cibé tráth a bheidh incháilithe don Scéim de réir Rialacha na Scéime.

ciallaíonn "**Iarratasóir**" duine a dhéanann iarratas ar Dheontas;

Ciallaíonn "**BEV**" nó "**Feithicil Cheallra-Leictreach**" feithicil nua atá á cumhachtú ag ceallra leictreach nach féidir a luchtú agus a athluchtú ach amháin trí phlugáil isteach i bhfoinse chumhachta leictrí sheachtrach;

Ciallaíonn "**FCEV**" nó "**Feithicil Leictreach Bhreosla-Chille**" mótarfheithicil leictreach nua faoi thiomáint breosla-chille in éineacht le ceallra nó olltoilleoir;

Ciallaíonn "**Deontas**" an t-airgead a bhronnann BIÉ ar an Iarratasóir i ndiaidh gur sásaíodh na coinníollacha agus na hoibleagáidí go léir faoin Scéim, faoi mar a leagtar amach i Rialacha na Scéime agus sa Litir Deontais;

Ciallaíonn "**Litir Deontais**" an litir a eisítear don Iarratasóir maidir le Deontas a chur ar fáil faoin Scéim;

Ciallaíonn "**HDV**" feithicil tromshaothair, lena n-áirítear veain, trucail, bus nó cóiste, ag a bhfuil ollmheáchan dearaidh neamhualaithe is mó ná 3.5 tonna aici;

Ciallaíonn '**nua**', an méid seo a leanas i gcás feithicle:

**(a)** sula nglacfaidh an tIarratasóir le Litir Dheontais:

(i) nach bhfuil ZEHDV cláraithe de bhua Acht Airgeadais, 1992 in ainm aon duine (seachas in ainm mótarthrádálaí atá údaraithe chun an múnla ábhartha de ZEHDV a dhíol); agus

(ii) nach bhfuil an Fheithicil faighte ag an Iarrthóir fós nó faoi réir aon chomhaontaithe ná aon chonartha chun críche a sealbhaithe ag an Iarrthóir.

**(b)** nach raibh an ZEHDV in úsáid sular shealbhaigh tusa é, seachas i ndáil le turas teagmhasach chuig mótarthrádálaí atá údaraithe chun an múnla ábhartha de ZEHDV a dhíol nó mar mhúnla taispeána ag mótarthrádálaí atá údaraithe chun an múnla ábhartha de ZEHDV a dhíol;

Ciallaíonn "**Difreálach Praghais**" an difríocht i bpraghas idir gnáth-HDV díosail agus an praghas atá ar an ZEHDV comhionann a chumasaíonn caighdeáin AE a shárú maidir le cúrsaí comhshaoil, faoi mar a ndéantar cur síos níos mionsonraithe air in alt 6.3 de rialacha na scéime;

Ciallaíonn "**Scéim**" an scéim deontais um cheannach ZEHDV atá á cur ar fáil ag Riarthóir na Scéime;

Ciallaíonn "**Riarthóir na Scéime**", de réir socruithe a bheartaítear le halt 32, Acht na mBóithre 1993, BIÉ;

Ciallaíonn "**Rialacha na Scéime**" na rialacha ina leagtar amach paraiméadair na Scéime mar a fhoilsítear iad ar
láithreán gréasáin Riarthóir na Scéime;

Ciallaíonn "**BIÉ**" Bonneagar Iompair Éireann (arb é ainm oibríochta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta é).

## 2. An Difreálach Praghais a dheimhniú le haghaidh teicneolaíochtaí gléasra cumhachta HDV a dtacaítear leo faoin Scéim

2.1 Tá an-chuid éagsúlachta ann faoi láthair in aibíocht agus praghsanna teicneolaíochta ZEHDVanna i margadh na hÉireann. Tá céim forbartha nach bhfuil chomh haibí céanna bainte amach ag teicneolaíochtaí BEV agus FCEV, agus tá fáil theoranta ar mhúnlaí, agus tá inathraitheacht shuntasach ann sa Difreálach Praghais ag brath ar an ngléasra cumhachta agus sonraíochtaí feithicle. I gcás na saghsanna teicneolaíochta, deimhnítear na Difreálaigh Phraghais ar a mbunaítear na Deontais trí thagairt a dhéanamh do na praghsanna ceannaigh bonnlíne is fearr 'ar an meán' le haghaidh réimse HDVanna díosail ar mheáchain agus i gcatagóirí éagsúla. Liostaítear na praghsanna bonnlíne seo sa tábla ag alt 3.1 thíos. Fágtar Cáin Bhreisluacha (CBL) agus aon lascainí eile as an áireamh ó na praghsanna bonnlíne seo. Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar na praghsanna bonnlíne seo ó am go ham. Ríomhtar an Difreálach Praghais do BEVanna agus FCEVanna tríd an bpraghas bonnlíne atá ar HDV díosail a dhealú ón bpraghas atá ar ZEHDV comhionann.

2.2 Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil na Difreálaigh Phraghais do na Catagóirí Feithicle Incháilithe go léir le ríomh gan aon ghnéithe breise nó sonraíochtaí breise feithicle a áireamh a d'fhéadfaí a leagann amach i sonrasc ceannaigh feithicle an Iarratasóra incháilithe. Ní chuirtear san áireamh sna Difreálaigh Phraghais ach costais a bhaineann go díreach leis an infheistíocht i gcosaint an chomhshaoil.

2.3 Is é an Deontas uasta is féidir a bhronnadh ar Iarratasóirí ar aon Chatagóir Feithiclí Incháilithe an céatadán den Difreálach Praghais dá bhfuil an tIarratasóir incháilithe, ag brath ar a stádas mar fhiontar 'beag', 'meánmhéide' nó 'mór' (chun teacht ar bhreis sonraí, féach alt 10 de Rialacha na Scéime).

2.4 Níl ach na Catagóirí Feithiclí Incháilithe incháilithe do Dheontais fhéideartha. D'fhéadfaí níos mó saghsanna agus meáchain feithiclí a shonrú i leaganacha den Scéim amach anseo de réir mar a iontrálann níos mó feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha an margadh.

2.5 Cuirtear samplaí oibrithe de ríomhanna hipitéiseacha Deontas ZEHDV san áireamh thíos ar mhaithe le cuspóirí léiritheacha.

**3. Deontais Uasta agus praghsanna díosail bonnlíne do Chatagóirí Feithiclí Incháilithe**

3.1 I gcás BEVanna agus FCEVanna laistigh de na réimsí meáchain a leagtar amach thíos, is é an Difreálach Praghais an difríocht idir an praghas a liostaítear sa tábla d'fheithicil a liostaítear sa tábla, agus an praghas ceannaigh atá ar ZEHDV comhionann a léirítear ar an sonrasc ceannaigh a sholáthair an tIarratasóir chun tacú lena n-iarratas ar Dheontas.

| AE Catagóir | Cineál Feithicle | Raon meáchain (GVW) | Praghas ceannaigh bonnlíne díosail gan CBL san áireamh |
|---|---|---|---|
| N2 | Veain/trucail éadrom | 3.5t go c. 5t | **€31,000** |
| N2 | Veain/trucail éadrom | c. 5.5t go 8.5t | **€56,000** |
| N2 agus N3 | Trucail | Os cionn 8.5t go 16t | **€73,000** |
| N3 | Trucail | Os cionn 16t go 19t | **€105,000** |
| N3 | Trucail | Os cionn 19t go 46t | **€131,000** |
| N3 | Trucail bailithe bruscair (trucail bhruscair a ualaítear ar chúl nó 'leoraí bruscair') | (An fheithicil chríochnaithe ina bhfuil fonnadh agus cabhailobair c. 26t ar meáchan) | **€259,500** |
| M2 | Mionbhus | c. 11 -17 suíochán (Raon meáchain táscach c. 3.5 go c. 5t) | **€45,000** |
| M3 | Bus Meánmhéide | c. 21-32 suíochán (Raon meáchain táscach thart ar c. 8t go 10t) | **€197,000** |
| M3 | Bus aon urlár | c. 40+ suíochán (Raon meáchain táscach gan ualach c. 11t go 14t) | **€191,500** |
| M3 | Cóiste aon urlár | c. 40+ suíochán (Raon meáchain táscach c. 13.5t agus os a chionn) | **€317,000** |
| M3 | Cóiste dhá urlár | c.75+ suíochán Urlár íseal le rampa rochtana | **€470,000** |
| M3 | Bus dhá urlár (Díosal Euro VI) | c 65+ suíochán | **€279,000** |

## 4. Samplaí léiritheacha oibrithe

4.1 Cuireadh na samplaí hipitéiseacha seo a leanas san áireamh ar mhaithe le cuspóirí léiritheacha agus níl na méideanna Deontais agus na figiúirí a luaitear ach táscach. Ní dheimhníonn siad aon sampla chun iarratais nó Deontais aonair iarbhír a phróiseáil agus a bhronnadh. Próiseálfar agus ríomhfar na Deontais go léir a bhronntar faoin Scéim de réir fhorálacha na Scéime, faoi mar a leagtar amach i Rialacha na Scéime, an t-iarratas ar an Deontas, na Litreacha Deontais agus i gcáipéisíocht ghaolmhar eile. Féadfar leibhéil deontais agus na samplaí seo a leanas a leasú ó am go ham.

4.2

(a) __**Sampla oibrithe 1: BEV agus má tá fiontar 'beag' ag an Iarratasóir**__

<table>
<tr><th colspan="2">Iarratas</th></tr>
<tr><td>Seolann an tIarratasóir an méid seo a leanas ar aghaidh:</td><td><ul><li>iarratas ar dheontas chun tacú le bus dhá urlár Feithicil Cheallra-Leictreach (BEV) a cheannach;</li><li>sonrasc a thaispeánann gurb ionann costas ceannaigh an bhus BEV agus<br>€475,500 gan CBL san áireamh; agus</li><li>doiciméadú tacaíochta a thaispeánann go bhfuil fiontar 'beag' ag an Iarratasóir.</li></ul><u>Nóta</u>: níl deontas faighte riamh roimhe seo ag an Iarratasóir ná ag aon duine dá gCleamhnaithe faoin Scéim agus, ar an ábhar sin, is féidir leo tacaíocht Deontais<br>a mhéid le €500,000, ar an iomlán, a fháil i gcaitheamh na Scéime.</td></tr>
<tr><th colspan="2">Leibhéal an Deontais a ríomh:</th></tr>
<tr><td>Praghas bonnlíne bus dhá urlár díosail<br>Praghas sonraisc (costais incháilithe amháin)<br><br>Difreálach Praghais<br><br><br><br>Leibhéal Deontais uasta féideartha i gcás fiontar 'beag'</td><td>= €279,000<br>= €475,500<br><br>= Praghas sonraisc – praghas bonnlíne<br>= €475,500- €279,000<br>= €196,500<br><br>= 60% den Difreálach Praghais<br><br>= 60% de €196,500<br>= €117,900</td></tr>
<tr><th colspan="2">Luach an Deontais atá le bronnadh</th></tr>
<tr><td>Mar gheall nach bhfuair an tIarratasóir ná aon duine dá gCleamhnaithe deontas roimhe seo faoin Scéim, bronntar an Deontas féideartha uasta ar an Iarratasóir dá bhfuil an tIarratasóir incháilithe a fháil i dtreo an<br>bus dhá urlár BEV a cheannach</td><td>= €117,900</td></tr>
<tr><th colspan="2">Fuílleach féideartha cistithe atá ar fáil don Iarratasóir faoin Scéim</th></tr>
<tr><td colspan="2">Tar éis an Deontas a fháil don bhus BEV dhá urlár, is féidir leis an Iarratasóir agus/nó a gCleamhnaithe iarratas a dhéanamh ar Dheontais amach anseo faoin Scéim a mhéid le luach iomlán €382,100 do 19 bhfeithicil, ar a mhéid.</td></tr>
</table>

**(b) Sampla oibrithe 2: BEV agus má tá fiontar 'meánmhéide' ag an Iarratasóir**

<table>
<tr><th colspan="2">Iarratas</th></tr>
<tr><td>Seolann an tIarratasóir an méid seo a leanas ar aghaidh:</td><td>• iarratas ar Dheontas chun tacú le trucail cheallra-leictreach (BE) 7.5t a cheannach;<br>• sonrasc a thaispeánann gurb ionann costas ceannaigh na trucaile BE agus €126,500 gan CBL san áireamh; agus<br>• doiciméadú tacaíochta a thaispeánann go bhfuil fiontar 'meánmhéide' ag an Iarratasóir.<br><u>Nóta</u>: fuair an tIarratasóir agus/nó a gCleamhnaithe Deontais roimhe seo do 10 bhfeithicil faoin Scéim, agus bronnadh luach iomlán €480,000 go dtí seo. Is féidir, ar an ábhar sin, leis an Iarratasóir tacaíocht Deontais a mhéid le luach iomlán €20,000 a fháil faoin Scéim chun tacú leis an trucail BE a cheannach.</td></tr>
<tr><th colspan="2">Leibhéal an Deontais a ríomh:</th></tr>
<tr><td>Praghas bonnlíne do thrucail díosail sa chatagóir thart ar idir 5.5t agus 8.5t<br>Praghas sonraisc (costais incháilithe amháin)<br><br>Difreálach Praghais uasta féideartha<br><br><br>Leibhéal Deontais uasta féideartha i gcás fiontar 'meánmhéide'</td><td>= €56,000<br><br>= €126,500<br><br>= Praghas sonraisc – praghas bonnlíne<br>= €126,500– €56,000<br>= €70,500<br>= 50% den difreálach costais<br>= 50% de €70,500<br>= €35,250</td></tr>
<tr><th colspan="2">Luach an Deontais atá le bronnadh</th></tr>
<tr><td>Mar gheall go bhfuair an tIarratasóir agus/nó a gCleamhnaithe cistiú Deontais €480,000 cheana féin as méid uasta féideartha €500,000 faoin Scéim, is é an Deontas uasta is féidir a íoc leis an iarratasóir:</td><td>= €20,000.</td></tr>
<tr><th colspan="2">Fuílleach féideartha cistithe atá ar fáil don Iarratasóir faoin Scéim</th></tr>
<tr><td colspan="2">I ndiaidh an Deontas a bhronnadh ar an Iarrthóir chun tacú le trucail BE a cheannach, beidh an cistiú Deontais iomlán is mó agus is féidir bronnta ar an Iarrthóir agus ar a C(h)leamhnaithe faoin Scéim.<br><br>Dá réir sin, ainneoin go mbeidh tacaíocht faighte ag an Iarrthóir agus/nó a C(h)leamhnaithe chun 11 as uasmhéid 20 feithicil a cheannach faoin Scéim, beidh an tairseach maoinithe uasta sroichte ag an Iarrthóir agus a C(h)leamhnaithe cheana féin. Ní bheidh an tIarrthóir agus a Chleamhnaithe incháilithe chun aon mhaoiniú eile a fháil faoin Scéim agus diúltófar d'aon iarratais bhreise Deontais chun feithicil a cheannach a dhéanann an tIarrthóir agus/nó a Chleamhnaithe.</td></tr>
</table>

(c) **Sampla oibrithe 3: FCEV agus má tá fiontar 'mór' ag an Iarratasóir**

<table>
<tr><th colspan="3">Iarratas</th></tr>
<tr><td>Seolann an tIarratasóir an méid seo a leanas ar aghaidh:</td><td colspan="2"><ul><li>iarratas ar Dheontas chun tacú le bus dhá urlár hidrigine Leictreach Breosla-Chille (FCE) a cheannach;</li><li>sonrasc a thaispeánann gurb ionann costas ceannaigh an bhus dhá urlár FCE agus €716,000 gan CBL san áireamh; agus</li><li>doiciméadú tacaíochta a thaispeánann go bhfuil fiontar 'mór' ag an Iarratasóir.</li></ul><u>Nóta</u>: fuair an tIarratasóir agus/nó a gCleamhnaithe 3 dheontas cheana féin faoin Scéim, agus bronnadh luach iomlán €200,000 go dtí seo. Is féidir, ar an ábhar sin, leis an Iarratasóir tacaíocht Deontais bhreise a mhéid le luach iomlán €300,000 a fháil faoin Scéim.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Leibhéal an Deontais a ríomh:</th></tr>
<tr><td colspan="2">Praghas bonnlíne bus díosail dhá urlár<br>Praghas sonraisc (costais incháilithe amháin)<br><br>Difreálach Praghais uasta féideartha<br><br><br><br>Leibhéal Deontais uasta féideartha i gcás fiontar 'mór'</td><td>= €279,000<br>= €716,000<br><br>= Praghas sonraisc – praghas bonnlíne<br>= €716,000– €279,000<br>= €437,000<br><br>= 30% den difreálach costais<br>= 30% de €437,000<br>= €131,100</td></tr>
<tr><th colspan="3">Luach an Deontais atá le bronnadh</th></tr>
<tr><td colspan="2">Mar gheall go bhfuair an tIarratasóir agus/nó a gCleamhnaithe cistiú Deontais €200,000 cheana féin as méid uasta féideartha €500,000 faoin Scéim, tá an tIarratasóir incháilithe go fóill a mhéid le €300,000 a fháil do 5 fheithicil.<br><br>Nuair a bheidh an t-iarratas deimhnithe agus bronnta, beidh an tIarratasóir incháilithe an méid seo a leanas a fháil:</td><td>= €131,100</td></tr>
<tr><th colspan="3">Fuílleach féideartha cistithe atá ar fáil don Iarratasóir faoin Scéim</th></tr>
<tr><td colspan="3">I ndiaidh an Deontas a íoc chun bus dhá urlár FCE a cheannach, beidh €331,100 bronnta ar an Iarrthóir agus ar a C(h)leamhnaithe faoin Scéim le haghaidh 4 fheithicil.<br><br>I ndiaidh an Deontas seo a fháil, tá an leibhéal uasta Deontas a mbeidh an tIarrthóir incháilithe dó amach anseo faoin Scéim cothrom le €168,900 le haghaidh 4 fheithicil ar a mhéad.</td></tr>
</table>